

Ceacht Fabraice agus Snáithín le Ranganna 3 go dtí 6

‘Puipéid Stocaí’

Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclam:</u>	Fabraic agus Snáithín (Curaclam Amharcealaíona lgh. 58, 76)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí fabraic agus snáithín mar mheán don chur in iúl samhlaíoch (lgh. 58, 76)</i> <i>Déan bréagáin bhoga, le béim ar indibhidiúlacht agus éagsúlacht (lch 58)</i> <i>Déan bréagáin shimplí carachtair (lch. 76)</i>
<u>Nasc:</u>	Líníocht > An saol samhlaíoch á léiriú agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú le patrúin agus sonraí airgtheacha (lch. 48) <i>Téamaí samhlaíocha a líníú le patrún agus sonraí airgtheacha (lch. 66)</i> Péint agus Dath > An saol samhlaíoch á léiriú agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid léiritheach a bhaint as dath (lch. 48) Cré > Figiúirí téagartha a dhéanamh i gcré ag baint úsáide go léiritheach as an meán le sonraí samhlaíocha (lch. 54) <i>Déan potaireacht agus dealbhadóireacht shimplí (lch. 72)</i> Tógáil > Déan struchtúir shamhlaíocha (lgh 56, 74)
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	<i>Teanga Labhartha: Cuir tús le comhrá agus freagair do thionscnaimh le daoine eile agus tú ag caint faoi eispéiris agus gníomhaíochtaí (lch. 38); pléigh smaointe agus coincheapanna as réimsí eile den churaclam (lch. 53)</i> <i>Eolaíocht: Breathnaigh, aithnigh agus fiosraigh na hainmhithe agus na plandaí a mhaireann sa timpeallacht áitiúil (lch. 62); Breathnaigh agus fiosraigh bealaí ina mbíonn iompar plandaí agus ainmhithe faoi thionchar ag coinníollacha timpeallachta nó ag oiriúnú dóibh (lch. 84)</i> <i>Drámaíocht: Déan an cumas chun comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo a fhorbairt sa pháirt chun cruth a chur ar an dráma (lch. 30); Cabhraigh chun gníomhaíocht dhrámatúil a phleanáil chun teannas atá oiriúnach don téama atá á fhiosrú a chur san áireamh (lch. 35)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ag Tosú: Déan comhrá beag leis na leanaí faoi na stocaí cailte go léir atá sa domhan! Tá stocaí aonaracha againn uile sa bhaile, tabhair roinnt isteach sa rang mar go bhfuil siad an-oiriúnach chun puipéid shimplí a dhéanamh. Féadfaidh na leanaí malartú le chéile de réir na ndathanna atá uathu. Mura bhfuil *James and the Giant Peach* léite ag na leanaí, spreag iad chun é a léamh, nó léigh dóibh é.

Ábhair Riachtanacha: Bailiúchán de stocaí aonaracha
Olanna agus snáthanna éagsúla
Cnaipí, coirníní
Blúirí fabraicí
Snáthaidí olla nó bóidicíní
PVA
Péinteanna fabraice agus scuabanna

Spreagadh: James and the Giant Peach - “Cad iad na feithidí a fuair James istigh sa phéitseog ollmhór?” An féidir leat cur síos a dhéanamh orthu? Cén ceann ba chúthalaí? Cén ceann ba dhána? Cén ceann a shuaimhnigh an chuid eile? Cad a d’fhoghlaim siad fúthu féin ar a dturas iontach? An féidir leat gnéithe na gcarachtar iontacha seo a chruthaigh Roald Dahl a shamhlú? Cruthóimid iad anois leis na stocaí aonaracha!”

Gníomhaíocht: Píocann na leanaí an carachtar as an scéal ba mhaith leo mar phuipéad. Trí lámh a shá suas sa stoca is féidir leo ‘aghaidh’ a chruthú le méara agus

ordóg. Féadfaidh siad anois gnéithe a chur leis le holanna, blúirí fabraic, cnaipí, coirníní nó blúirí agus píosaí eile a bheadh bailithe acu. Spreag iad chun pearsantacht a gcarachtar roghnaithe a thaispeáint trí úsáid airgtheach fabraicí, snáithíní, cnaipí agus coirníní. Spreag na leanaí chun labhairt faoina bhfuil á dhéanamh acu, má tá aon deacracht acu agus conas atá siad á shárú. B'fhéidir gur mhaith leo péinteanna fabraice a úsáid freisin. Cuir a gcuid puipéid ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil.

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spread iad chun caint faoina bhfuil á dhéanamh acu, faoi phearsantacht a bpuipéad agus má mhothaíonn siad go bhfuil sé ag teacht chun solais agus iad ag obair.

Gníomhaíochtaí breise:

D'fhéadfadh na leanaí dráma beag a dhéanamh lena bpuipéid. D'fhéadfadh siad diorama a dhéanamh a thaispeánann an taobh istigh den phéitseog, nó feistiú ardáin a chuirfeadh ar gcumas a gcuid puipéid láimhe a thaispeáint i mbun gnímh.

Féidearthachtaí TCF:

D'fhéadfadh na leanaí grianghraif a dhéanamh dá gcuid puipéid ag plé lena chéile, scéal a chumadh faoi agus na pictiúir a chur sa ríomhaire. D'fhéadfaí an scéal a phriontáil maraon le pictiúir mar a bheadh i gcoimic!

An DVD Is Ealaíontóir Mé

a Úsáid:

Tugann na cláir *Fabraic agus Snáithín* deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag úsáid fabraicí agus snáithíní chun pictiúir, fíodóireachtaí, puipéid agus feistis a dhéanamh.

Nóta:

Fiosraigh bealaí eile chun puipéid a dhéanamh le leanaí. Féach ar an rannóg 'An Féidir leat?' go bhfeicfidh tú conas a dhéantar puipéid eile.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Is ionad táipeántais d'ealaín fabraice é an Creative Stitching Gallery atá lán d'íomhanna. Cé gur suíomh tráchtála é is féidir breathnú gan srian ar na saothair.

<http://creativestitchingquilts.shutterfly.com/action/>

Suíomh oifigiúil Christo agus Jeann-Claude, a bhfuil cáil orthu as foirgnimh agus séadchomharthaí móra a chlúdach le fabraicí

<http://www.christojeanneclaude.net>

Tabhair cuairt ar an dánlann fíodóireachta agus lása seo chun samplaí d'fhíodóireacht láimhe as gach cearn den domhan a fheiceáil.

<http://www.handweaving.net/GalleryList.aspx>

Tugann an leathanach naisc seo in Iarsmalann Victoria agus Albert a lán deiseanna chun foghlaim faoi theicstílí.

http://www.vam.ac.uk/collections/furniture/textiles_links/index.html

Is tairseach é Scoilnet chuig a lán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga

<http://www.scoilnet.ie>